Oifig an
Office of the

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Ról an DPP

© Oifig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí - Samhain 2015

Faisnéis faoin leabhrán seo

Tugtar míniú sa leabhrán seo go soiléir ar gach a ndéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déantar iarracht freagra a thabhairt ar na ceisteanna is minice a bhíonn ag daoine. Ní dhéileáiltear le gach cor a d'fhéadfadh a bheith ann agus níl sé beartaithe go mbeadh comhairle dlí as an leabhrán seo agat. Sa chás go bhfuil comhairle dlí de dhíth ort, ba chóir labhairt le haturnae.

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le cad a tharlaíonn sa chúirt i rith trialach coireachta, léigh ár leabhrán eile 'Ag dul chuig an gCúirt mar Fhinné'. Chun cur síos níos mionsonraithe a fháil ar obair na hOifige, féach ar ár 'Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí'.

Is féidir leat cóipeanna de na foilseacháin seo a iarraidh ón Oifig (féach na mionsonraí teagmhála ar leathanach 25) nó is féidir leat iad a léamh ar ár láithreán gréasáin **www.dppireland.ie**. Tá roinn ag an láithreán gréasáin seo chomh maith d'íospartaigh agus d'fhinnéithe a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh duit.

Mar eolas

Tá cóipeanna priontáilte den leabhrán seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ónar n-Oifig. Féach sonraí teagmhála ar leathanach 25.

Is féidir leat an leabhrán a íoschóipeáil in aon cheann de na teangacha seo a leanas ach cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin **www.dppireland.ie**:

- Gaeilge
- Béarla
- Arabais
- Fraincis
- Laitvis
- Liotuáinis
- Polainnis
- Portaingéilis (Brasaíleach)
- Rómáinis
- Rúisis
- Síneach (Mandairínis)
- Spáinnis

Clár

Bunfhíricí

1. Cad a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)? 8

2. Cad a dhéanann an Príomh-Aturnae Ionchúisimh? 8

3. An ndéanann an DPP imscrúdú ar choireanna? 8

4. An é an DPP a dhéanann ionchúiseamh maidir le gach cion coiriúil? 9

5. An bhfuil an DPP neamhspleách? 9

6. Cé atá in ann scríobh chuig an DPP faoi chás ar leith? 9

7. An bhfuil cineálacha éagsúla cionta coireachta ann? 10

8. An dtabharfaidh Oifig an DPP comhairle dlí dom? 11

9. An féidir liom gearán a dhéanamh le hOifig an DPP? 11

Cinntí an DPP

10. Conas a dhéanann an DPP cinneadh maidir le hionchúiseamh? 12

11. Cad iad na cúiseanna a socróidh an DPP gan ionchúiseamh a dhéanamh maidir le cás? 13

12. Cá fhad a thógann sé ar an DPP cinneadh a dhéanamh? 14

13. An ndéanann an DPP cásanna a ionchúiseamh d'íospartaigh choireachta? 15

14. An dtabharfaidh an DPP cúis dom a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh? 15

15. Conas a iarraim ar achoimre ar chúiseanna? 16

16. An dtabharfaidh an DPP míniú ar achoimre ar chúiseanna i ngach cás? 16

17. An féidir liom iarraidh ar an DPP athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh? 17

18. An féidir le híospartach coireachta bualadh le duine d'fhoireann an DPP chun cinneadh áirithe a phlé? 18

19. An féidir liom eolas ó chomhad ionchúisimh a fháil trí iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise? 19

20. An gcuirfear in iúl don íospartach má roghnaíonn an DPP ionchúiseamh a dhéanamh? 19

Ag dul chuig an gCúirt

21. Cad a tharlaíonn nuair a théann an cás chun cúirte? 19

22. Cad is féidir le híospartach a bheith ag súil ón bhfoireann ionchúisimh? 20

23. Cad atá i gceist le cruinniú roimh an triail? 21

24. An é an DPP a roghnaíonn an phianbhreith do dhuine a fhaightear ciontach? 21

Pianbhreith a Achomharc

25. An féidir leis an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe? 22

26. Cé hiad na daoine ar féidir leo a iarraidh ar an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe ró-thrócaireach? 23

27. Conas a dhéanann breithiúna sa Chúirt Achomhairc athbhreithniú ar phianbhreith? 23

28. Má dhéantar an cúisí a éigiontú, an féidir leis an DPP iarraidh ar atriail? 24

Conas teagmháil a dhéanamh le hOifig an DPP 25

Teagmhálacha úsáideacha eile 26

Tuilleadh faisnéise 29

Conas a eagraítear Oifig an DPP 30

Bunfhíricí

1. Cad a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)?

Socraíonn an DPP cibé an chóir daoine a chúiseamh nó nár chóir maidir le coireanna a dhéanamh– is é sin, an duine a 'ionchúiseamh'. Is é an DPP a shocraíonn an chúis a chuirfear i leith an duine freisin. Ó chuirtear tús leis an ionchúiseamh, is é Oifig an DPP a bhíonn freagrach as cás an ionchúisimh.

2. Cad a dhéanann an Príomh-Aturnae Ionchúisimh?

Feidhmíonn an Príomh-Aturnae Ionchúisimh ina aturnae ag an DPP agus ina cheannasaí ar Rannán na nAturnaetha in Oifig an DPP. Feidhmíonn foireann Rannán na nAturnaetha thar ceann an DPP i ngach cás ar i mBaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt. Feidhmíonn Aturnaetha Stáit Áitiúla thar ceann an DPP nuair is lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt.

3. An ndéanann an DPP imscrúdú ar choireanna?

Ní dhéanann. Is iad An Garda Síochána (na Gardaí) a dhéanann imscrúdú ar choireanna. Nuair a imscrúdaíonn na Gardaí coir tromchúiseach seolann siad comhad chuig an DPP agus cinntear an chúis atá le tionscnamh.

4. An é an DPP a dhéanann ionchúiseamh maidir le gach cion coiriúil?

Is é an DPP a dhéanann ionchúiseamh i gcás gach coire tromchúiseach agus i gcás coireanna nach iad uaireanta. Os comhair breithimh agus giúiré sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil a éistear na cásanna is tromchúisí. Is féidir cásanna tromchúiseacha a thabhairt os comhair triúr breitheamh gan ghiúiré sa Chúirt Choiriúil Speisialta freisin.

Is féidir leis na Gardaí ionchúiseamh i gcás coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna. Ina dhiaidh sin féin, is in ainm an DPP a dhéantar an t-ionchúiseamh agus tá sé de cheart ag an DPP a rá leis na Gardaí conas ba chóir déileáil leis an gcás.

5. An bhfuil an DPP neamhspleách?

Tá an DPP neamhspleách agus é ag déanamh cinntí. Is éard atá i gceist leis sin nach féidir le haon duine – lena n-áirítear an Rialtas nó na Gardaí – a thabhairt ar an DPP ionchúiseamh a thionscnamh in aon chás áirithe ná ní féidir leo cosc ar chur ar an DPP déanamh amhlaidh.

6. Cé atá in ann scríobh chuig an DPP faoi chás ar leith?

Is féidir leis na daoine a leanas scríobh chuig an DPP faoi chás:

- íospartach coireachta;

- duine muinteartha le híospartach coireachta;
- duine cúisithe;
- duine muinteartha le duine cúisithe; nó
- dlíodóirí, dochtúirí agus oibrithe sóisialta thar ceann a gcliant.

Tá sé in aghaidh an dlí ag aon duine eile teagmháil a dhéanamh leis an DPP chun iarraidh air stop a chur le cás nó gan cás a ionchúiseamh.

7. An bhfuil cineálacha éagsúla cionta coireachta ann?

Tá dhá chineál coire ann – cionta achoimre agus cionta indíotáilte.

Cionta Achoimre:

- is cionta iad nach bhfuil chomh tromchúiseach sin;
- éisteann breitheamh iad gan ghiúiré sa Chúirt Dúiche;
- is tréimhse 12 mí an phianbhreith príosúnachta is troime maidir le cion amháin (ach féadfaidh an breitheamh i roinnt cásanna pianbhreith príosúnachta de 2 bhliain ar a mhéid a ghearradh sa chás go mbíonn níos mó ná aon chion amháin i gceist).

Cionta Indíotáilte:

- is cionta níos tromhchúisí iad;
- éisteann breitheamh agus giúiré iad sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil;
- déileáiltear leo uaireanta sa Chúirt Choiriúil Speisialta ina suíonn triúr breitheamh gan ghiúiré;
- bíonn pionóis níos troime ann, lena n-áirítear príosúnacht saoil i gcás coireanna áirithe.

8. An dtabharfaidh Oifig an DPP comhairle dlí dom?

Ní thugann Oifig an DPP comhairle dlí do bhaill den phobal. Má bhíonn ceist dlí agat, ba chóir duit sin a iarraidh ar d'aturnae.

9. An féidir liom gearán a dhéanamh le hOifig an DPP?

Is féidir. Má bhíonn gearán agat maidir le mar a oibríonn Oifig an DPP is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag an Oifig– féach ar na mionsonraí teagmhála ar leathanach 25.

Cinntí an DPP

10. Conas a dhéanann an DPP cinneadh maidir le hionchúiseamh?

Is ceist an-tábhachtach í an cheist i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. D'fhéadfadh an t-ionchúiseamh cuid mhór dochair a dhéanamh do dhuine fiú amháin sa chás go bhfaightear neamhchiontach é/í ina dhiaidh sin. Mar sin féin, áfach, is féidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a bheith ina cúis le strus agus suaite mór d'íospartach coireachta. Mar sin, ní mór don DPP a mheas go cúramach an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh.

Nuair a chríochnaíonn na Gardaí ag imscrúdú cás, seoltar comhad chuig an DPP. Ní mór don DPP an comhad a léamh go cúramach agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil dóthain fianaise ann chun duine a chúiseamh le cion. Caithfidh an breitheamh nó an giúiré a bheith cinnte – thar amhras réasúnach – go bhfuil duine ciontach. Ní leor é go gceapann siad gur dócha go bhfuil an duine ciontach.

Ar an ábhar sin, tá sé mar chabhair fios a bheith ag an duine go bhfuil fianaise neamhspleách ann chun tacú leis an méid atá á rá ag an íospartach. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe a leanas i gceist leis an bhfianaise sin, mar shampla, fianaise ó fhinné neamhspleách

nó fianaise mar méarlorg nó rian fola ina bhféadfadh faisnéis DNA a bheith i gceist. Nuair a bhíonn fianaise neamhspleách ann bíonn an cás níos láidre ná cás nach bhfuil i gceist ann ach focal duine amháin i gcoinne focail dhuine eile.

11. Cad iad na cúiseanna a socróidh an DPP gan ionchúiseamh a dhéanamh maidir le cás?

Easpa fianaise an chúis is mó a roghnaíonn an DPP gan cás a ionchúiseamh. Sa chás nach bhfuil dóthain fianaise ann chun a chur ina luí ar bhreitheamh agus ar ghiúiré thar amhras réasúnach go bhfuil duine ciontach, ní éireoidh leis an ionchúiseamh. Is éard a chaithfear a chinntiú an léiríonn an fhianaise ar fad atá ann go bhfuil an duine atá cúisithe ciontach thar amhras réasúnach.

I líon beag cásanna, cé go mbíonn an fhianaise láidir, déanann an DPP cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh ar chúiseanna eile, mar shampla:

- sa chás nach bhfuil ocht mbliana déag slánaithe ag an gciontóir agus go bhféadfadh na Gardaí faoin gClár Athstiúrtha d'Ógánaigh maoirsiú a dhéanamh, seachas ionchúiseamh a dhéanamh;

- sa chás go dtugtar rabhadh do dhuine fásta faoin Scéim Rabhaidh do Dhaoine Fásta maidir le mionchionta áirithe seachas ionchúiseamh a dhéanamh; nó

- sa chás go bhfuil cúis mhaith éigin eile ann gan ionchúiseamh a dhéanamh, mar shampla sa chás go bhfuil an ciontóir ag fáil bháis ó bhreoiteacht.

Is féidir leat teacht ar tuilleadh mionsonraí maidir leis an gcaoi a socraíonn an DPP ionchúiseamh a dhéanamh san fhoilseacháin 'Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí'. Is féidir leat léamh an foilseachán seo ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie.

12. Cá fhad a thógann sé ar an DPP cinneadh a dhéanamh?

Is cás ar leith gach cás agus breithníonn an DPP gach cás go cúramach. Mura bhfuil cás áirithe casta, déanfaidh an DPP cinneadh laistigh de chúpla seachtain. D'fhéadfadh an tréimhse sin a bheith níos faide mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- cásanna casta a bhíonn i gceist;
- tá méid mór fianaise le breithniú;
- tá níos mó ná duine cúisithe amháin i gceist sa chás; nó
- teastaíonn tuilleadh eolais ón DPP sula bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh.

13. An ndéanann an DPP cásanna a ionchúiseamh d'íospartaigh choireachta?

Déanann an DPP cásanna a ionchúiseamh thar ceann mhuintir na hÉireann, ní ar son duine aonair.

Ach cuirfidh an DPP san áireamh i gcónaí na hiarmhairtí don íospartach a ghabhann le cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. Breithneoidh an DPP freisin tuairimí an íospartaigh nó teaghlach an íospartaigh.

Ní hiad tuairimí agus leasanna an íospartaigh amháin a chaithfear a bhreithniú áfach nuair atá cinneadh á dhéanamh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh.

14. An dtabharfaidh an DPP cúis dom a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh?

Tabharfaidh. Féadfaidh tú iarraidh ar an DPP ar achoimre ar na cúiseanna a thabhairt a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh:

- más íospartach na coireachta thú
- más duine muinteartha de chuid íospartaigh i gcás marfach thú
- más aturnae thú atá ag gníomhú thar ceann ceachtar de na daoine thuas.

Ní féidir leat fiafraí, áfach, ach faoi chinntí a rinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh:

- an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin; agus
- i gcásanna marfacha ina bhfuair duine bás an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh sin.

15. Conas a iarraim ar achoimre ar chúiseanna?

Ní mór duit 'Foirm Iarrata ar Chúiseanna' a chomhlíonadh. Tá an fhoirm seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin, www.dppireland.ie, nó is féidir í a fháil ó do Stáisiún Gardaí áitiúil. Ní mór duit an fhoirm a sheoladh chuig ár nAonad Cumarsáide agus Íospartach laistigh de **28 lá** tar éis an dáta a n-insítear duit faoin gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh (féach na sonraí teagmhála ar leathanach 25). I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP an teorainn ama seo a shíneadh, ach ní dhéanfaidh siad é seo murach go bhfuil údar maith leis agus má théann sé chun leasa an cheartais.

16. An dtabharfaidh an DPP míniú ar achoimre ar chúiseanna i ngach cás?

Ní thabharfaidh. Má rinne na Gardaí an cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadfaidh íospartach iarraidh ar na Gardaí achoimre ar na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh a thabhairt dóibh.

Ní féidir leis an DPP cúiseanna a thabhairt a bhí le cinntí a rinneadh i gcásanna ina ndéileáiltear leis an té a bhfuil amhras faoi/fúithi faoi Scéim um Rabhadh Aosach an Gharda Síochána nó faoin gClár Athstiúrtha Ógánach.

Chomh maith leis sin, ní féidir leis an DPP cúiseanna a thabhairt a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh dá ndéanfaí an méid a leanas tríd an bhfaisnéis a thabhairt:

- cur isteach ar imscrúdú leanúnach coiriúil;
- dochar a dhéanamh do chás cúirte amach anseo;
- sábháilteacht duine a chur i mbaol; nó
- slándáil an Stáit a chur i mbaol.

17. An féidir liom iarraidh ar an DPP athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh?

Más íospartach, nó más duine muinteartha le híospartach a fuair bás thú, agus mura bhfuil tú sásta leis na cúiseanna atá lenár gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadfaidh tú iarraidh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcinneadh. Tabharfaidh dlíodóir nach raibh baint aige/aici leis an mbunchinneadh a dhéanamh faoin athbhreithniú.

Ba cheart duit scríobh chugainn agus iarraidh go ndéanfar athbhreithniú laistigh de **28 lá** tar éis an

dáta atá ar an litir a chuireann ar an eolas thú ar an gcúis a bhí leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i do chás. Ba cheart duit do litir a sheoladh chuig ár nAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach (féach na sonraí teagmhála ar leathanach 25).

Fiú murar iarr tú orainn cúis a thabhairt a bhí le cinneadh an DPP, féadfaidh tú iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh fós féin. Sa chás seo, ba cheart duit scríobh chugainn agus iarraidh go ndéanfar athbhreithniú laistigh de **56 lá (8 seachtaine)** tar éis an dáta a cuireadh ar an eolas thú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP an teorainn ama seo a shíneadh, ach ní dhéanfaidh siad é seo murach go bhfuil údar maith leis agus má théann sé chun leasa an cheartais.

18. An féidir le híospartach coireachta bualadh le duine d'fhoireann an DPP chun cinneadh áirithe a phlé?

Ní féidir. Ní bhuaileann foireann Oifig an DPP le híospartaigh choireachta chun cinntí a phlé. Ach is féidir le híospartaigh choireachta scríobh chuig Oifig an DPP faoi chinneadh.

19. An féidir liom eolas ó chomhad ionchúisimh a fháil trí iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise?

Ní féidir. Luaitear san Acht um Shaoráil Faisnéise nach féidir ach taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a scaoileadh. Ciallaíonn sé sin nach féidir leatsa eolas a fháil ó chomhaid a bhaineann le cásanna ar leithligh.

20. An gcuirfear in iúl don íospartach má roghnaíonn an DPP ionchúiseamh a dhéanamh?

Cuirfear. Coimeádfaidh an Garda a bheidh ag déanamh an imscrúdaithe an t-íospartach cothrom le dáta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an gcás agus ba chóir don Gharda cinneadh an DPP a chur in iúl don íospartach nuair a dhéantar é. Sa chás go roghnaíonn an DPP cás a ionchúiseamh, ba chóir don Gharda a chur in iúl don íospartach am, dáta agus an áit a sheolfar an éisteacht chúirte.

Ag dul chuig an gCúirt

21. Cad a tharlaíonn nuair a théann an cás chun cúirte?

Braitheann sin ar cion achoimre nó cion indíotáilte atá i gceist (féach ceist 7).

Maidir le cionta achoimre, is breitheamh sa Chúirt Dúiche a éisteann an cás. D'fhéadfadh gur Garda nó aturnae ionchúisimh a chuirfeadh an cás i láthair sa chúirt.

Maidir le cionta indíotáilte, éisteann breitheamh agus giúiré an cás agus ullmhaíonn aturnae a bhíonn ag obair don DPP an cás don chúirt. Cuireann abhcóide a bhíonn ag gníomhú thar ceann an DPP an cás ionchúisimh os comhair na cúirte.

Is féidir níos mó eolais maidir lena dtarlaíonn sa chúirt le linn trialach coiriúla a fháil sa leabhrán Ag dul chuig an gCúirt mar Fhinné. Más mian leat cóip den leabhrán sin a fháil, déan teagmháil leis an Oifig (féach mionsonraí teagmhála ar leathanach 25). Is féidir leat léamh freisin é ar ár láithreán gréasáin, www.dppireland.ie.

22. Cad is féidir le híospartach a bheith ag súil ón bhfoireann ionchúisimh?

Oibreoidh an t-aturnae ionchúisimh leis an nGarda Síochána chun an t-íospartach a choimeád cothrom le dáta maidir le forbairtí an cháis. Maidir leis na cásanna níos tromchúisí, mar chionta gnéasacha nó coireanna foréigneacha, tairgfidh Oifig an DPP cruinniú roimh an triail (féach ceist 23) a shocrú don íospartach, nó do mhuintir íospartaigh atá básaithe. I bhformhór na gcásanna eile, is é/í an t-íospartach a lorgaíonn cruinniú roimh an triail.

23. Cad atá i gceist le cruinniú roimh an triail?

Is é cuspóir cruinniú réamhthrialach chun míniú a thabhairt don íospartach ar an méid a tharlóidh sa chúirt. Bíonn an cruinniú ar bun leis an nGarda imscrúdaithe, an t-aturnae ionchúisimh agus an t-abhcóide a dhéileálann leis an gcás.

Ní féidir leo an fhianaise iarbhír a phlé a thabharfaidh finnéithe. Is amhlaidh atá seo ionas nach féidir le duine ar bith a mhaíomh gur dúirt duine éigin leis an bhfinné cad ba cheart dóibh a rá sa chúirt.

Tabharfaidh an Garda sonraí teagmhála don íospartach le haghaidh seirbhísí áitiúla tacaíochta íospartaigh. Féadfaidh an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta – seirbhís tacaíochta gutháin d'íospartaigh na coireachta – sonraí teagmhála a thabhairt, chomh maith céanna, le haghaidh tacaíocht cúirte agus seirbhísí eile tacaíochta íospartaigh. Is í uimhir na líne cabhraí Saorghlao 116 006 nó is féidir téacs a sheoladh chuig 085 133 7711.

24. An é an DPP a roghnaíonn an phianbhreith do dhuine a fhaightear ciontach?

Ní hé. Socraíonn an breitheamh an phianbhreith a ghearrtar arna bhunú ar an bhfianaise a cuireadh i láthair leis an ionchúiseamh agus leis an gcosaint. Déanann breithiúna cinntí freisin maidir leis na nithe seo a leanas:

- liostú dátaí cúirte;
- dátaí a shocrú do thrialacha; agus
- an é an chóir dáta trialach a athrú.

Tá na breithiúna neamhspleách de réir an Bhunreachta.

Pianbhreith a Achomharc

25. An féidir leis an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe?

Is féidir leis an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe i gcás inar seoladh an triail sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Ní féidir leis an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe ón gCúirt Dúiche.

Is féidir leis an DPP a iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a cheapann sé atá 'ró-thrócaireach'. Ní mór don DPP athbhreithniú ar phianbhreith a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta a ngearann an breitheamh an phianbhreith. I roinnt cásanna, féadann an DPP iarratas a dhéanamh ar bhreis ama chun athbhreithniú a iarraidh ach ní rachaidh an tréimhse sin thar 56 lá ó dháta na pianbhreithe.

26. Cé hiad na daoine ar féidir leo a iarraidh ar an DPP achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe ró-thrócaireach?

Is féidir leat a iarraidh ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc a dhéanamh i gcoinne pianbhreithe má bhaineann na nithe a leanas leat:

- is íospartach coireachta tú;
- is duine muinteartha le híospartach coireachta tú; nó
- is dochtúir, dlíodóir nó oibrí sóisialta tú thar ceann cliant.

27. Conas a dhéanann breithiúna sa Chúirt Achomhairc athbhreithniú ar phianbhreith?

Léifidh na breithiúna sa Chúirt Achomhairc taifead i scríbhinn na trialach d'fhonn na húdair a bhí ag breitheamh na trialach le pianbhreith áirithe a ghearradh a léiriú. Ní mheasfaidh siad pianbhreith a bheith 'ró-thrócaireach' ach amháin má chreideann siad go raibh breitheamh na trialach mícheart de réir an dlí pianbhreith chomh bog sin a ghearradh.

Is léir nach n-éireoidh le hachomharc ach amháin i líon beag cásanna.

28. Má dhéantar an cúisí a éigiontú, an féidir leis an DPP iarraidh ar atriail?

I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP iarraidh ar an gCúirt Achomhairc ar atriail má éigiontaíodh an cúisí sa Chúirt Chuarda, an Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Ní féidir leis an DPP seo a dhéanamh ach amháin faoi chúinsí an-teoranta, áfach.

Conas teagmháil a dhéanamh le hOifig an DPP

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7.
Teil: (01) 858 8500
Faics: (01) 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An tAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7.
Teil: (01) 858 8444 (le linn uaireanta gnó)
Facs: (01) 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh

Rannán na nAturnaetha
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
90 Sráid an Rí Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.
Teil: (01) 858 8500
Faics: (01) 642 7406
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

Aturnaetha Stáit Áitiúla

Is féidir leatsa mionsonraí teagmhála do gach aturnae stáit áitiúil ar fud na tíre a fháil ón Oifig ag (01) 858 8500 agus ar an láithreán gréasáin sin againn ag www.dppireland.ie.

Teagmhálacha úsáideacha eile

Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta

Teil: Teilafóin saor in aisce 116 006
Téacs: 085 133 7711
Ríomhphost: info@crimevictimshelpline.ie
Láithreán Gréasáin: www.crimevictimshelpline.ie

Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh

Is féidir leatsa teagmháil a dhéanamh leis an Líne Cabhrach d'Íospartaigh Choireachta (féach thuas) chun mionsonraí a fháil maidir le tacaíocht sa chúirt agus seirbhísí tacaíochta eile d'íospartaigh.

An tSeirbhís Chúirteanna

Oifig Eolais
Teach an Fhionnuisce
15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.
Teil: (01) 888 6000
Faics: (01) 873 5250
Láithreán Gréasáin: www.courts.ie

An Rionn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 602 8202
Faics: (01) 661 5461
Láithreán Gréasáin: www.justice.ie

Oifig Íospartaigh na Coireachta
An Coimisiún chun Tacú le Fulaingeoirí Coiriúlachta

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
2ú Urlair
Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 476 8686
Faics: (01) 476 8619
Láithráin Gréasáin: www.victimsofcrimeoffice.ie
www.csvc.ie

An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

2ú Urlair
Cúirt Montague
7-11 Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 476 8670
Faics: (01) 476 8616

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Sráid na Céibhe
Cathair Saidhbhín
Co. Chiarraí.
Teil: (066) 947 1000
Faics: (066) 947 1035
Láithréan Gréasáin: www.legalaidboard.ie

Tuilleadh faisnéise

Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin, www.dppireland.ie, chun teacht ar bhreis faisnéise, leabhráin agus bileoga faisnéise ina measc, faoin méid a leanas:

- Conas a dhéanaimid cinntí faoi ionchúiseamh
- Conas Cúiseanna agus Athbhreithnithe a Iarraidh
- Dul chun na Cúirte mar Fhinné
- Cairt Íospartach
- Beartas Gearán

Conas a eagraítear Oifig an DPP

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

- **An Rannóg Stiúrtha**
  - **Ceann na Rannóige Stiúrtha**
  - Oifigigh Ghairmiúla
- **An Rannóg Riaracháin**
  - **Ceann Riaracháin**
  - An tAonad Airgeadais
  - An tAonad Acmhainní Daonna
  - An tAonad Teicneolaíocht Faisnéise
  - Aonad na Leabharlainne
  - An tAonad Eagraíochta agus Seirbhísí Ginearálta

An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

- **Rannóg na nAturnaetha**
  - **An Príomh-Aturnae Ionchúisimh**
  - An Rannóg Achomhairc
  - An Rannóg Urghabhála Sócmhainní
  - Rannóg Thrialacha na Cúirte Cuarda
  - Rannóg na Cúirte Dúiche
  - An Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach
  - Rannóg na nUaschúirteanna
- **An tAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach**
  - **Ceann an Aonaid Chumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach**
- **An tAonad Beartas Ionchúisimh**
  - **Ceann an Aonaid Bheartas Ionchúisimh**